



Preaseisiúint Uimh. 133/24

Lucsamburg, an 10 Meán Fómhair 2024

Breithiúnas na Cúirte i gCás C-465/20 P | an Coimisiún v Éire agus páirtithe eile

Rialuithe cánach: Cuirtear ar neamhní breithiúnas na Cúirte Ginearálta maidir le rialuithe cánach arna ndeonú ag Éirinn i bhfabhar Apple ag an gCúirt Bhreithiúnais

Tugann an Chúirt breithiúnas críochnaitheach ar an gcás agus deimhníonn sí cinneadh 2016 ón gCoimisiún Eorpach: Dheonaigh Éire cabhair neamhdhleathach do Apple a bhfuil sé de cheangal ar an Stát sin í a aisghabháil

In 2016, chinn an Coimisiún Eorpach go raibh cuideachtaí a bhaineann le Apple Group, ó 1991 go 2014, tar éis leas a bhaint as buntáistí cánach arb ionann iad agus Státchabhair arna deonú ag Éirinn. Bhain an chabhair sin leis an gcóireáil cánach ar bhrabúis a ghintear le gníomhaíochtaí Apple lasmuigh de Stáit Aontaithe Mheiriceá. In 2020, chuir an Chúirt Ghinearálta cinneadh an Choimisiúin ar neamhní, agus chinn sí nár shuigh an Coimisiún go leordhóthanach go raibh buntáiste roghnaitheach ann i bhfabhar na gcuideachtaí sin. Ag rialú di ar achomharc, cuirtear breithiúnas na Cúirte Ginearálta ar neamhní ag an gCúirt Bhreithiúnais agus tugtar breithiúnas críochnaitheach sa chás, lena ndeimhnítear cinneadh an Choimisiúin.

In 1991 agus 2007, d'eisigh Éire dhá rialú cánach ('rialuithe cánach' a thugtar orthu) i bhfabhar dhá chuideachta in Apple Group (Apple Sales International (ASI) agus Apple Operations Europe (AOE)), a corpraíodh mar chuideachtaí faoi dhlí na hÉireann ach ní raibh siad ina gcónaitheoirí cánach in Éirinn. Thacaigh na rialuithe cánach sin leis na modhanna a d'úsáid ASI agus AOE chun a mbrabúis incháinithe in Éirinn a chinneadh, a bhain le gníomhaíochtaí gnó a mbránsí Éireannacha faoi seach.

In 2016, mheas an Coimisiún Eorpach, trí na brabúis a ghintear trí úsáid na gceadúnas maoine intleachtúla atá ag ASI agus AOE a eisiáimh ón mbonn inchánach, ar an bhforas, go bunúsach, go raibh ceannoifigí na gcuideachtaí sin lonnaithe lasmuigh d'Éirinn agus go raibh bainistiú na gceadúnas sin ag brath ar chinntí arna ndéanamh ar leibhéal ghrúpa Apple sna Stáit Aontaithe, gur deonaíodh leis na rialuithe cánach do na cuideachtaí sin, ó 1991 go 2014, stáitchabhair neamhdhleathach nach raibh ag luí leis an margadh inmheánach, a chuaigh chun tairbhe do Apple Group ina iomláine. Dá bhrí sin, d'ordaigh sí d'Éirinn í a aisghabháil ¹. De réir mheastacháin an Choimisiúin, tá luach EUR 13 bhilliún de bhuntáistí cánach neamhdhleathacha deonaithe ag Éirinn do Apple ².

In 2020, agus í ag éisteacht le caingne a thionscain Éire agus ASI agus AOE, chuir an Chúirt Ghinearálta cinneadh an Choimisiúin ar neamhní, agus í ag meas nár éirigh leis an gCoimisiún a léiriú go bhfuil buntáiste roghnaitheach ann mar thoradh ar ghlacadh na rialuithe cánach atá i gceist agus go raibh laghdú fabhrach ar an mbonn cánach in Éirinn mar thoradh air sin ³.

Lena breithiúnas, déanann an Chúirt Bhreithiúnais, ar thug an Coimisiún achomharc os a comhair, **breithiúnas na Cúirte Ginearálta a chur ar neamhní agus tugann sí breithiúnas críochnaitheach ar an gcás.**

De réir na Cúirte Breithiúnais, rinne an Chúirt Ghinearálta earráid nuair a chinn sí nár chruthaigh an Coimisiún go

leordhóthanach gur cheart na ceadúnais maoine intleachtúla atá ag ASI agus AOE agus na brabúis ghaolmhara, arna nginiúint ag díolacháin táirgí Apple lasmuigh de na Stáit Aontaithe, a leithdháileadh, chun críoch cánach, ar bhrainsí na hÉireann. Go háirithe, bhí an Chúirt Ghinearálta mícheart, ar an gcéad dul síos, nuair a mheas sí go raibh príomhlíne réasúnaíochta an Choimisiúin bunaithe ar mheasúnuithe míchearta ar ghnáthchánachas faoi dhlí cánach na hÉireann is infheidhme sa chás seo agus, ar an dara dul síos, nuair a shuigh sí leis na gearáin a chuir Éire agus ASI agus AOE ar aghaidh i gcoinne mheasúnuithe fórasacha an Choimisiúin maidir le gníomhaíochtaí bhrainsí Éireannacha ASI agus AOE agus na ngníomhaíochtaí lasmuigh de na brainsí sin.

Tar éis di an breithiúnas atá faoi achomharc a chur ar neamhní, measann an Chúirt Bhreithiúnais go bhfuil na caingne réidh le haghaidh breithiúnais agus gur cuí breithiúnas críochnaitheach a thabhairt orthu laistigh de theorainneacha na díospóide atá fós ar feiteamh. Sa chomhthéacs sin, deimhníonn an Chúirt Bhreithiúnais cur chuige an Choimisiúin, ar dá réir, de bhua na forála iomchuí de dhlí na hÉireann a bhaineann le ríomh an chánachais ar chuideachtaí neamhchónaitheacha, a cuireadh gníomhaíochtaí brainsí ASI agus AOE in Éirinn i gcomparáid ní le cuideachtaí eile i nGrúpa Apple, mar shampla máthairchuideachta sna Stáit Aontaithe, ach le heintitis eile de na cuideachtaí sin, go háirithe a n-oifigí cláraithe lasmuigh d'Éirinn.

NÓTA: Féadfar achomharc, teoranta do phointí dlí, a thabhairt os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcoinne bhreithiúnas nó ordaithe ón gCúirt Ghinearálta. I bprionsabal, ní bheidh éifeacht fionraíochta ag an achomharc. Má tá bunús leis an achomharc, cuirfidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh na Cúirte Ghinearálta ar neamhní. I gcás ina bhfuiltear i mbun rialú a thabhairt ar chás, féadfaidh an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh críochnaitheach a dhéanamh ar an díospóid. I gcás nach bhfuiltear i mbun rialú a thabhairt ar chás, tarchuirfidh sí an cás ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta, atá faoi cheangal na breithe arna tabhairt ag an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhthéacs an achomhairc.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre ar an mbreithiúnas](#) ar shuíomh gréasáin CURIA lá a bhfógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá pictiúir d'fhógair na Tuairime ar fáil ó ["Europe by Satellite"](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ [Cinneadh \(AE\) 2017/1283 ón gCoimisiún](#) an 30 Lúnasa 2016 maidir le Státchabhair SA.38373 (2014/C) (ex 2014/NN) (ex 2014/CP) a deonaíodh ag Éirinn i bhfabhar Apple.

² Preaseisiúint [IP/16/2923](#) ón gCoimisiún an 30 Lúnasa 2016.

³ Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 15 Iúil 2020, *Éire v an Coimisiún*, [T-778/16 agus T-892/16](#) (féach freisin [CP Uimh. 90/20](#)).